



COVID-19 – Do Mhorgáiste

Is athscríbhinn é seo den téacs atá san fhíseán dar teideal “COVID-19 – Do Mhorgáiste”.

D’fhoilsigh Banc Ceannais na hÉireann an físeán ar an 10 Meán Fómhair 2020.

Má ghlac tú **sos ó íocaíochtaí** ar do mhorgáiste de bharr **COVID-19**, b’fhéidir go bhfuil amhras ort faoina dtarlóidh nuair a bheidh deireadh leis an sos sin.

Más féidir leat tosú arís ar **aisíocaíochtaí caipitil agus úis** a dhéanamh, cuirfidh d’iasachtóir na roghanna atá ar fáil duit in iúl duit. Ba cheart duit smaoineamh go cúramach ar cad a d’oirfeadh do d’imthosca féin.

Is féidir leat **téarma do mhorgáiste a fhadú** nó **é a fhágáil mar atá**.

D’fhéadfadh **costas creidmheasa níos airde** a bheith i gceist leis an dá rogha sin. Cuirfidh d’iasachtóir é sin in iúl duit.

Má bhíonn deacracht agat do mhorgáiste a íoc de bharr COVID-19 - nó ar aon chúis eile - tá **cosaintí tábhachtacha** ann duit.

Tá na cosaintí seo ann chun cuidiú leat agus chun a chinntiú go **gcaithfidh d’iasachtóir go cóir leat** i gcónaí.

Is gá go mbeidh aon socrúithe malartacha aisíocaíochta, bídis buan nó sealadach, **oiriúnach agus inmharthana** duitse.

Ní bheidh feidhm ag na cosaintí seo, áfach, ach amháin má bhíonn tú **ag plé le d’iasachtóir**. Tá sé tábhachtach mar sin go labhróidh tú le d’iasachtóir **a luaithe is féidir**.

Ní hionann gach cás ar leith, dá bhrí sin, beidh réitigh éagsúla i gceist ag brath ar **na himthosca ar leith**.

Labhair le d’iasachtóir agus faigh treoir ón **tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid chun an réiteach ceart a fháil duitse**.

Tuilleadh eolais: [centralbank.ie/covid19-eolas](https://www.centralbank.ie/covid19-eolas)